AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.11.2011
SEC(2011) 1385 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***A ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchóireachtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite**

**agus**

**Togra le haghaidh**

**Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí**

{COIM(2011) 779 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1384 leagan deireanach}

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

*A ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**

**Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchóireachtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite**

**agus**

**Togra le haghaidh**

**Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí**

## 1. RÉAMHRÁ

Ba cheart go mbeadh iniúchóireacht, in éineacht le maoirseacht agus rialachas corparáideach, i measc na nithe is tábhachtaí a rannchuidíonn le cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach mar go soláthraíonn sí deimhniú maidir le fírinne na ráiteas airgeadais ó chuideachtaí. Tá dian-iniúchóireacht thar a bheith tábhachtach i dtaca le hiontaoibh agus muinín mhargaidh a athbhunú.

Ghlac an Coimisiún ról ceannais i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar an margadh iniúchóireachta nuair a sheol sé a Pháipéar Glas i mí Dheireadh Fómhair 2010, ar comhairliúchán é a spreag 700 freagra ó ghrúpa leathan geallsealbhóirí.

Ina thuarascáil an 14 Meán Fómhair 2011 maidir leis an bPáipéar Glas, thacaigh Parlaimint na hEorpa le cur chuige iomlánaíoch an Choimisiúin agus lena phríomhthograí maidir leis an margadh iniúchóireachta a athstruchtúrú.

Tá breithniú á dhéanamh ag na Stáit Aontaithe freisin maidir le hathruithe tábhachtacha, go háirithe sa réimse a bhaineann le neamhspleáchas iniúchóirí. Chun aghaidh a thabhairt ar nithe a meastar ina leith gur easnaimh thromchúiseacha iad, tá breithniú dáiríre á dhéanamh maidir le sealaíocht shainordaitheach do ghnólachtaí iniúchóireachta.

## 2. AN FHADHB A SHAINIÚ

Is ionann iniúchadh ráiteas airgeadais cuideachtaí agus seirbhís a sholáthraítear ar mhaithe le leas an phobail. Rannchuidíonn an iniúchóireacht le hinchreidteacht ráiteas airgeadais agus le hiontaofacht ráiteas airgeadais chomh maith. Tá an tseirbhís seo ann mar thoradh ar an gcúram sin a thabhairt go reachtúil do ghrúpa áirithe speisialaithe cáilithe, ar thaobh amháin,

agus, ar an taobh eile, is oibleagáid reachtúil í i gcás gach uile chuideachta. Cé nach comhionann iad ar fad, tá gnéithe áirithe den mhargadh iniúchóireachta do chuideachtaí móra comhchosúil le margadh na nGníomhaireachtaí Rátála Creidmheasa (GRCanna). Tá an chéad mhargadh díobh sin faoi cheannas ag "an Ceathrar Móra" (PWC, KPMG, Ernst and Young agus Deloitte), ach tá an dara ceann díobh faoi cheannas na dtrí GRCanna móra (S&P, Moody's, Fitch). Thairis sin, tá coimhlint bhunúsach leasanna ann sa dá mhargadh sa mhéid gurb é ábhar na tuairime an cliant freisin. A mhéid a bhaineann le dearcadh cuideachta liostaithe, is ionann eisitheoir urrús, ar ar a chuntais agus ar ar a iniúchóireacht chreidmheasachta agus ar a rátáil atá tuairimí á soláthar, agus an páirtí a íocann an t-iniúchóir agus an GRC. Faigheann iniúchóirí agus GRCanna araon a ngnó ó cheanglas dlíthiúil: ní mór do chuideachtaí a chur faoi deara go ndéantar iniúchadh ar a gcuid ráiteas airgeadais agus ceanglaítear le cuid mhór ceanglas dlíthiúil go ndéantar rátálacha creidmheasa.

Tá sé tábhachtach a admháil go bhfuil gá le calabrú iomchuí. I bhfianaise na n-impleachtaí sochaíocha a bhaineann le cuideachtaí móra agus le hinstitiúidí airgeadais, ar impleachtaí iad atá ag dul i méid, tá sé tábhachtach go ndéanfaí creat níos déine agus níos daingne a cheapadh i gcomhair iniúchadh a gcuid ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, tá nithe áirithe níos géire i gcás eintiteas a fhearann ar líon an-mhór geallsealbhóirí e.g. cuideachtaí liostaithe agus na heintitis sin a sheolann gníomhaíochtaí áirithe, go háirithe san earnáil seirbhísí airgeadais (dá ngairtear Eintitis Leasa Phoiblí (ELPanna inár rialacha):

- **An bhearna ionchais** idir an méid a bhfuil súil ag geallsealbhóirí nuair a dhéantar iniúchadh agus an méid a dhéanann iniúchóirí iarbhír. Tá ceist curtha ag cuid mhór acu i dtaobh conas a bhféadfadh bainc cliseadh cúpla mí tar éis dóibh tuarascálacha maithe iniúchóireachta a fháil. Ina theannta sin, tá easpa fhollasach cumarsáide ann idir iniúchóirí agus maoirseoirí maidir le laigí soiléire i ndaingne airgeadais eintiteas a bhfuil iniúchadh déanta orthu, go háirithe san earnáil airgeadais.

- Ní féidir a bheith cinnte go bhfuil **neamhspleáchas** ann, ná níl sé intaispeánta, laistigh de pharaidím ar maidir léi nach bhfuil san iniúchóireacht, le fírinne, ach ceann amháin de raidhse seirbhísí tráchtála arna soláthar ag iniúchóirí dá gcliaint. Mar gheall ar easpa córais tairisceana rialta i gcomhair seirbhísí iniúchóireachta agus mar gheall ar easpa sealaíochta i dtaca le gnólachtaí iniúchóireachta, tá an t-éiteas is tábhachtaí in easnamh i réimse na hiniúchóireachta: is é sin, sceipteachas gairmiúil. Le fírinne, táimid sa riocht go bhfuil líon mór cuideachtaí a ndéantar iniúchadh orthu tar éis teacht chun bheith compordach lena n-iniúchóir; is ionann an méid sin agus bréagnú bhunbhrí an neamhspleáchais.

- **Comhdhlúthacht an mhargaidh agus easpa rogha:** Tá an margadh chomh polaraithe sin gurb annamh a tharlaíonn sé go ndéanann iniúchóir seachas gnólacht ón "Ceathrar Móra" iniúchadh ar ELP. I dtromlach na mBallstát, déanann an Ceathrar Móra iniúchadh ar níos mó ná 85% de na cuideachtaí móra liostaithe (coibhéis FTSE 350). Tá an ceannas atá ag an gCeathrar Móra níos daingne fós mar gheall ar an "compord" atá ann idir cuideachtaí a ndéantar iniúchadh orthu agus a n-iniúchóirí agus, freisin, mar gheall ar an dearcadh san ionad margaidh. Tá leisce ann maidir le hiniúchóirí nach iniúchóirí ón gCeathrar Móra iad a fhostú fiú amháin nuair atá córas tairisceana ann i gcomhair iniúchóireachta, rud is annamh ar fad.

Nuair a chuirtear na fadhbanna thuas le chéile, tuigtear nach bhfuil infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile in ann iontaoibh a bheith acu, gan fhorchoimeádas, as neamhspleáchas thuairim na hiniúchóireachta agus, dá bhrí sin, as caighdeán na tuairime sin. Is rómhinic a

fuarthas amach, mar thoradh ar chigireachtaí arna ndéanamh ag maoirseoirí náisiúnta iniúchóireachta i mBallstáit (agus sna Stáit Aontaithe freisin), go bhfuil neamhspleáchas iniúchóireachta in easnamh.

Cé nár cheart d'aon gheallsealbhóir a bheith ag brath ar an tuarascáil iniúchóireachta amháin chun tuairim a fhoirmiú faoi dhaingne airgeadais cuideachta, tá sé thar a bheith tábhachtach, dá ainneoin sin, go mbeadh geallsealbhóir in ann iontaoibh a bheith aige as réasúntacht na ráiteas airgeadais a bhfuil tuarascáil mhaith iniúchóireachta tugtha ina leith. Go háirithe, ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí in ann brath ar chumas an eintitis a bhfuil iniúchadh déanta air leanúint ar aghaidh mar 'gnóthas leantach' i.e. a bheith in ann a oibleagáidí i leith a chreidiúnaithe a chomhlíonadh go feadh tréimhse intuartha sa todhchaí.

Tá ábhair eile imní ann maidir leis an margadh iniúchóireachta, ar ábhair iad nach bhfuil teoranta do ELPanna amháin ach baineann siad le réimse na n-eintiteas go léir ar gá iniúchóireacht a dhéanamh orthu. Baineann na hábhair imní sin go sonrach leis an Aontas agus is gá aghaidh a thabhairt orthu chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh inmheánaigh:

- Sa lá atá inniu ann, is gá iniúchóirí **a bheith 'arna bhformheas' i ngach Ballstát** inar mian leo iniúchóireachtaí reachtúla a chur i gcrích. I gcás daoine nádúrtha, chun formheas a bhaint amach ní mór pas a fháil i dtriail infheidhmeachta i ngach Ballstát inar mian leo iniúchóireachtaí a dhéanamh agus, dá bharr sin, baineann maorlathas, chomh maith le costais, leis sin.

- Níl comhchuibhiú déanta san Aontas ar chaighdeáin maidir le cleachtais iniúchóireachta ná ar fhormhaoirseacht iniúchóirí ná ní féidir a bheith deimhin de go bhfuil formhaoirseacht iniúchóirí neamhspleách ar ghairm na hiniúchóireachta i ngach Ballstát; déantar dochar do neamhspleáchas na formhaoirseachta de bharr iniúchóirí cleachtacha a bheith páirteach in iniúchóireachtaí a dhéantar ar ghnólachtaí iniúchóireachta. De bhreis air sin, ós rud é go bhfuil difríochtaí móra ann idir na hacmhainní atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta is é atá ann ar leibhéal na hEorpa ná staid mheasctha ina bhfuil an mhaoirseacht **neamh-aonchineálach** agus ina bhfuil an comhoibriú lag. Ina theannta sin, ní dhéantar na caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme a oiriúnú de réir mhéid na n-eintiteas, go háirithe cuideachtaí meánmhéide.

- Faoi láthair, tá srian ar úinéireacht gnólachtaí iniúchóireachta rud a choisceann úinéireacht leathan ag neamh-iniúchóirí agus a chuireann srian ar chumas gnólachtaí iniúchóireachta meánmhéide chun fás a dhéanamh.

## 3. COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

De réir rialacha reatha an AE, is faoi na Ballstáit atá an rogha, den chuid is mó, fiú amháin tar éis an Treoir maidir le hIniúchóireacht Reachtúil a ghlacadh sa bhliain 2006. Is é a d'éirigh as sin ná difríochtaí móra laistigh den Aontas.

Is gá idirghabháil chomhbheartaithe a dhéanamh ar leibhéal an Aontais mar gheall ar a mhéad atá na Ballstáit in ann a rogha féin a dhéanamh sa réimse a bhaineann le cáilíochtaí d'iniúchóirí reachtúla agus, chomh maith leis sin, mar gheall ar ilchineálacht i dtaca leis na socruithe atá ann sna Ballstáit i gcomhair maoirseachta.

Thairis sin, níl aghaidh tugtha, sa chreat reatha dlíthiúil, ar an gceist a bhaineann le rioscaí a éiríonn as cumraíocht reatha an mhargaidh agus as an ngá le níos mó gnólachtaí ag an taobh uachtarach den mhargadh.

Mar gheall ar a nádúr, is ceanglas é, faoi dhlí an AE, iniúchóireacht reachtúil a dhéanamh agus, dá réir sin, beidh athruithe le baint amach trí bhíthin ionstraimí dlíthiúla san Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na príomhfhadhbanna.

## 4. CUSPÓIRÍ AGUS ROGHANNA BEARTAIS

Dhéanfadh tionscnaimh i réimse na hiniúchóireachta comhlánú ar dhul chun cinn i réimsí eile a bhaineann le rialáil airgeadais, amhail na nithe seo a leanas: rialachas corparáideach, cuntasaíocht agus rátálacha creidmheasa.

Cuspóir Ginearálta na n-athruithe ar an iniúchóireacht: Rannchuidiú le feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais agus neamh-airgeadais trí neartú ról margaidh na gairme iniúchóireachta i dtaca le faisnéis atá níos iontaofa, níos trédhearcaí agus níos fóintí faoi fhírinneacht na ráiteas airgeadais ó chuideachtaí a sholáthar do ghníomhairí eacnamaíocha ábhartha agus don mhargadh ar chostas inghlactha.

Is é is aidhm don tsraith roghanna beartais atá leagtha amach sa roinn seo i ndáil le ceanglais shubstainteacha ná aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhfuil anailís déanta orthu thuas. Tá **cló dubh** ar na roghanna lena ngabhann tosaíocht.

*Rogha shonrach 1: Ról na n-iniúchóirí reachtúla a shoiléiriú agus a shainmhíniú i gcoitinne chomh maith le haird shonrach a thabhairt ar ELPanna*

| | |
|---|---|
| 1.1 Roghanna chun feabhas a chur ar fheasacht ullmhóirí gnó/an mhargaidh faoi raon feidhme na hiniúchóireachta i gcoitinne. | |
| 0. | Cás bunlíne. |
| 1. | **Raon feidhme na hiniúchóireachta reachtúla a shoiléiriú agus a shonrú i rialacha an AE (gan méadú a dhéanamh uirthi).** |
| 2. | Ath-shainmhíniú a dhéanamh ar iniúchóireacht reachtúil chun an bhearna ionchais a líonadh: ba cheart do na hiniúchóirí dianscrúdú a dhéanamh ar bhonn “gnóthas leantach” eintitis. |
| 1.2 Roghanna chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-iniúchóir d’úsáideoirí agus d’eintitis a ndéantar iniúchadh orthu (ELPanna). | |
| 0. | Cás bunlíne. |
| 1. | **An tuarascáil iniúchóireachta a fheabhsú agus a leathnú chun tuilleadh faisnéise a sholáthar don phobal.** |
| 2. | **Tuarascáil níos mionsonraithe don eintiteas a ndéantar iniúchadh air (don choiste iniúchóireachta agus don lucht bainistíochta).** |
| 3. | **Feabhas a chur ar chumarsáid idir an t-iniúchóir agus an coiste iniúchóireachta.** |
| 4. | **Teaglaim de roghanna 1 go 3.** |
| 1.3 Roghanna chun feabhas a chur ar na bealaí cumarsáide idir iniúchóirí agus maoirseoirí | |

| | |
|---|---|
| ELPanna. | |
| 0. | Cás bunlíne: oibleagáid chun sáruithe ar rialacha a thuairisciú i gcásanna áirithe. |
| 1. | Idirphlé rialta a mholadh idir iniúchóirí agus maoirseoirí ELPanna. |
| 2. | **A cheangal go mbeadh idirphlé rialta ann idir iniúchóirí agus maoirseoirí ELPanna.** |

*Rogha shonrach 2: Athneartú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus sceipteachas gairmiúil iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta le linn iniúchóireacht reachtúil a sholáthar do ELPanna.*

| | |
|---|---|
| 2.1 Roghanna chun laghdú agus maolú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh coimhlint leasa ann de bharr seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar do ELPanna. | |
| 0. | Cás bunlíne: critéir ghinearálta maidir le neamhspleáchas. |
| 1. | Toirmeasc ar sheirbhísí áirithe neamh-iniúchóireachta a sholáthar don eintiteas a ndéantar iniúchadh air. |
| 2. | **Toirmeasc ar aon seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar d'eintitis a ndéantar iniúchadh orthu.** |
| 3. | **Gnólachtaí iniúchóireachta amháin: ní cheadaítear dóibh ach iniúchóireacht reachtúil a dhéanamh agus gan aon bhaint acu le gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta.** |
| 2.2 Roghanna chun laghdú agus maolú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh coimhlint ionchasach leasa ann de bharr an chórais reatha, is é sin, "roghnaíonn agus íocann an t-iniúchaí an t-iniúchóir". | |
| 0. | Cás bunlíne: idirghabháil 'éadrom' ar thaobh an choiste iniúchóireachta maidir le ceapadh iniúchóirí. |
| 1. | **Rialacha níos déine maidir leis an nós imeachta a bhaineann le ceapadh iniúchóirí agus ról méadaithe a bheith ann do Choiste Iniúchóireachta neartaithe (ní mór go mbeadh beirt dá chomhaltaí ar a laghad neamhspleách agus ba cheart go mbeadh eolas ar iniúchóireacht ag duine amháin ar a laghad díobh).** |
| 2. | Ceapadh iniúchóra ag tríú páirtí (i.e. rialálaí). |
| 2.3 Roghanna chun laghdú agus maolú a dhéanamh ar aon choimhlint ionchasach leasa de bharr "bagairt ó róchaidreamh". | |
| 0. | Cás bunlíne: níl sealaíocht ann ach amháin i gcás an phríomh-chomhpháirtí iniúchóireachta. |
| 1. | **Sealaíocht shainordaitheach i dtaca le gnólachtaí iniúchóireachta tar eis tréimhse áirithe fostaíochta.** |
| 2. | **Neartú ról an choiste iniúchóireachta le linn formhaoirseacht a dhéanamh ar obair na n-iniúchóirí.** |
| 3. | **Ceanglais bhreise a bhunú maidir le heagrúchán inmheánach agus rialachas gnólachtaí iniúchóireachta.** |
| 4. | **Teaglaim de roghanna 1 go 3.** |

*Rogha shonrach 3: Feabhas a chur ar na coinníollacha maidir le hiniúchadh ELPanna d'fhonn caighdeán na hiniúchóireachta a mhéadú*

| | |
|---|---|
| 3.1 Roghanna chun athrú ó ghnólacht iniúchóireachta amháin go ceann eile a éascú. | |
| 0. | Cás bunlíne: níl aon cheanglas ann maidir le tairiscintí a lorg le haghaidh iniúchóra nua nó maidir le hiniúchóir nua a fhostú. |
| 1. | Tairiscintí a lorg go rialta. Thabharfadh eintitis a ndéantar iniúchadh orthu cuireadh do líon íosta gnólachtaí páirt a ghlacadh i nós imeachta tairisceana, lena n-áirítear cuireadh a thabhairt do ghnólacht nach ceann den Cheathrar Móra é. |
| 2. | Sealaíocht shainordaitheach i dtaca le gnólachtaí iniúchóireachta tar eis tréimhse áirithe fostaíochta. |
| 3. | **Teaglaim de roghanna 1 agus 2.** |
| 3.2 Roghanna chun roghnú oibiachtúil soláthraí iniúchóireachta a éascú. | |
| 0. | Baseline scenario. The reputation of Big Four audit firms will continue to deter the consideration and selection of alternatives. |
| 1. | An cás bunlíne. Leanfaidh cáil na ngnólachtaí iniúchóireachta sa Cheathrar Móra de bhreithniú agus roghnú gnólachtaí malartacha a dhíspreagadh. |
| 2. | **Toirmeasc a chur ar chlásail chonartha idir an t-eintiteas a ndéantar iniúchadh air agus tríú páirtí (amhail banc) ar clásail iad lena dteorannaítear na roghanna atá ann maidir le gnólachtaí iniúchóireachta.** |
| 3. | **Trédhearcacht a mhéadú i dtaca le caighdeán na hiniúchóireachta (tuarascálacha cigireachta a fhoilsiú) agus i dtaca le gnólachtaí iniúchóireachta (e.g. gnólachtaí do nochtadh a gcuid ráiteas airgeadais).** |
| 4. | **Teaglaim de roghanna 1 go 3.** |
| 3.3 Roghanna chun méadú a dhéanamh ar na roghanna atá ag ELPanna maidir le soláthraithe iniúchóireachta. | |
| 0. | An cás bunlíne: Níl aon srian ar ELPanna fós maidir leis na gnólachtaí iniúchóireachta a roghnaíonn siad. |
| 1.1 | Gnólachtaí iniúchóireachta amháin. Maidir le hiniúchóireachtaí ar ELPanna, ní dhéanfaidh aon ghnólacht iad seachas gnólacht nach soláthraíonn ach seirbhísí iniúchóireachta. |
| 1.2 | Iniúchóireachtaí comhpháirteacha: Oibleagáid a bheith ann go mbeadh níos mó ná gnólacht iniúchóireachta amháin ag ELPanna, agus gan baint a bheith ag ceann amháin ar a laghad díobh leis na cinn is mó. Beidh freagracht chomhpháirteach ar an dá ghnólacht iniúchóireachta as an iniúchóireacht. |
| 1.3. | Iniúchóireachtaí comhpháiteacha sainordaitheacha a dhéanamh i gcás ELPanna móra amháin san earnáil airgeadais. |
| 1.4 | Iniúchóireachtaí comhpháiteacha sainordaitheacha a dhéanamh i gcás gach ELP, arna ndéanamh ag gnólachtaí glan-iniúchóireachta. |
| 1.5 | Iniúchóireachtaí comhpháiteach sainordaitheacha a dhéanamh i gcás ELPanna móra san earnáil airgeadais, arna ndéanamh ag gnólachtaí glan-iniúchóireachta. |
| **1.6.** | Iniúchóireachtaí comhpháiteacha deonacha i gcás gach PLE; soláthróirí iniúchóireachtaí agus eintitis iniúchta a spreagadh le hiniúchóireacht chomhpháirteach a dhéanamh ar bhonn deonach. |

| | |
|---|---|
| 1.7 | **Iniúchóireachtaí comhpháirteacha deonacha i gcás gach ELP, arna ndéanamh ag gnólachtaí glan-iniúchóireachta.** |
| 2. | **Deireadh a chur leis an srian ar ghnólachtaí iniúchóireachta maidir le húinéireacht ag neamh-iniúchóirí, agus coimircí a choimeád ar bun ag an am céanna maidir le neamhspleáchas.** |
| 3. | Síleáil a bhunú ar scaireanna margaidh (20%): a mhéid a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar chuideachtaí liostaithe móra. |
| 4. | **Teaglaim de roghanna 1 agus 2.** |

*Rogha shonrach 4: Costais bhreise neamhriachtanacha a bhaineann le comhlíonadh a sheachaint i gcás FBManna a ndéantar iniúchadh orthu agus i gcás soláthraithe iniúchóireachta araon, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann*

| | |
|---|---|
| 4.1 Roghanna chun aitheantas trasteorann a éascú maidir le hinniúlacht iniúchóra. | |
| 0. | Cás bunlíne: ba cheart go mbeadh iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta arna bhformheas i ngach Ballstát inar mian leo iniúchóireacht reachtúil a chur i gcrích. |
| 1. | **Aitheantas frithpháirteach ó gach Ballstát do ghnólachtaí iniúchóireachta arna bhformheas i mBallstát áirithe. Ní mór go mbeadh an príomh-chomhpháirtí iniúchóireachta atá i gceannas ar an iniúchóireacht arna fhormheas mar iniúchóir sa Bhallstát lena mbaineann.** |
| 2 | **Aitheantas frithpháirteach a thabhairt d’iniúchóirí reachtúla arna bhformheas i mBallstát áirithe (chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn trasteorann).** |
| 3. | **Scéim maidir le tréimhse oiriúnúcháin agus cóineasú méadaithe, trédhearcacht mhéadaithe agus intuarthacht mhéadaithe a bheith ann sa triail infheidhmeachta (i gcás ina bhfuil bunú á dhéanamh).** |
| 4 | **Teaglaim de roghanna 1 go 3.** |
| 4.2 Roghanna chun sruthlíniú a dhéanamh ar chaighdeáin iniúchóireachta i dtaca le neamhspleáchas agus rialú inmheánach gnólachtaí iniúchóireachta ar fud an AE | |
| 0. | Cás bunlíne: d’fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí ann maidir le caighdeáin iniúchóireachta, agus sin ag brath ar an mBallstát lena mbaineann. |
| 1. | **Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIanna) a thabhairt isteach ar fud an AE. Bheadh breisithe náisiúnta inghlactha, i gcás ina mbeadh gá leo.** |
| 2. | CIIanna a thabhairt isteach, agus cead a thabhairt do Bhallstáit maoluithe a fháil ina leith. |
| 4.3 Roghanna chun a áirithiú go ndéantar iniúchóireacht reachtúil a oiriúnú do riachtanais FBManna. | |
| 0. | Cás bunlíne: tá feidhm ag caighdeáin iniúchóireachta gan spleáchas do mhéid an eintitis a ndéantar iniúchadh air. |
| 1. | **A iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir iniúchadh comhréireach simplithe a dhéanamh i gcás FBManna.** |
| 2. | Athbhreithnithe teoranta a thabhairt isteach do FBManna, in ionad iniúchóireachtaí reachtúla. |

*Rogha shonrach 5: Feabhas a chur ar éifeachtacht, ar neamhspleáchas agus ar chomhsheasmhacht uile-Eorpach a mhéid a bhaineann le rialáil agus maoirseacht iniúchóirí a dhéanann iniúchadh ar ELPanna*

| | |
|---|---|
| 5.1. Roghanna chun neamhspleáchas agus éifeachtacht na maoirseachta ar iniúchóirí reachtúla náisiúnta agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta a áirithiú. | |
| 0. | Cás bunlíne. Tá gairm na hiniúchóireachta bainteach go dlúth, trína gcomhlachtaí gairmiúla, le nithe a bhaineann le hiniúchóireacht. |
| 1. | Údarás neamhspleách formhaoirseachta AE a bhunú a bheadh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna a bhfuil tionchar trasteorann acu ar gheallsealbhóirí. |
| **2.** | **Neartú údarás náisiúnta maoirseachta iniúchóireachta. Sainordú, cumhachtaí agus ceanglais maidir le neamhspleáchas do mhaoirseoirí iniúchóireachta arna mbunú ar an leibhéal AE, ach maoirseacht a dhéanamh ar bhonn náisiúnta.** |
| 5.2 Roghanna chun sásra éifeachtach uile-Eorpach a chur ar bun maidir le comhar maoirseachta, ar sásra é trína n-áiritheofaí maoirseacht éifeachtúil ar struchtúir gnólachtaí iniúchóireachta fornáisiúnta. | |
| 0. | Cás bunlíne. Grúpa saineolaithe (EGAOB) atá comhdhéanta d’ionadaithe de chuid údarás poiblí náisiúnta formhaoirseachta agus é faoi cheannas an Choimisiúin. |
| 1. | Comhar laistigh de choiste de chineál Lamfalussy leibhéal 3. Stádas dlíthiúil neamhspleách don EGAOB a dhéanfadh cinneadh faoina chuid oibre féin, agus an Coimisiún ag feidhmiú mar bhreathnadóir amháin. |
| 2. | **Comhar uile-Eorpach maidir le nithe a bhaineann le maoirseacht iniúchóirí laistigh den ÚEUM (i gcomhar le ÚBE agus ÚEÁPC).** |
| 3. | Údarás Eorpach nua um maoirseoirí iniúchóireachta a bheadh tiomnaithe go sonrach do mhaoirsiú an mhargaidh iniúchóireachta. |

## 5. MEASÚNÚ AR THIONCHAIR

### Tionchar carnach

Nuair a chuirtear na roghanna beartais tosaíochta i bhfeidhm le chéile, rannchuideoidh siad le cobhsaíocht airgeadais trí fhírinneacht faisnéise airgeadais a áirithiú trí iniúchóireachtaí diana agus trí thuarascálacha fóinteacha iniúchóireachta. Déanfar neamhspleáchas iomlán, ar riachtanas tábhachtach é i dtaca le hiniúchóireacht dhian, a sholáthar trí shraith beart amhail sealaíocht shainordaitheach gnólachtaí iniúchóireachtaí, toirmeasc ar an iniúchóir seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar don eintiteas a ndéantar iniúchadh air (lena n-áirítear iniúchóirí a athstruchtúrú chun gnólachtaí glan-iniúchóireachta a dhéanamh díobh) agus iniúchóireachtaí comhpháirteacha. Ina theannta sin, cruthóidh na bearta sin margadh níos folláine agus gheobhaidh tuilleadh gnólachtaí aitheantas agus cuirfidh tuilleadh gnólachtaí lena gcáil maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ELPanna móra. Trí chaighdeáin iniúchóireachta a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu a chur i bhfeidhm agus trí dheireadh a chur le bacainní ar sholáthar seirbhísí iniúchóireachta ar bhonn trasteorann, ba cheart go mbeadh margadh Eorpach iniúchóireachta níos comhtháite ann. Le go mbeadh aon fheabhas ar iniúchóireacht reachtúil, ní mór go mbeadh maoirseacht níos neamhspleáiche agus níos éifeachtaí ann freisin ar fud an Aontais, lena n-áirítear idirphlé rialta i measc maoirseoirí iad féin agus, chomh maith leis sin, idir maoirseoirí agus iniúchóirí.

**Tionchar eacnamaíoch**

Cuirfidh iniúchóireachtaí níos fearr agus tuarascálacha iniúchóireachta níos eolasaí feabhas ar mhuinín as na margaí agus, ag an am céanna, cuirfidh siad geallsealbhóirí ar an eolas faoi aon fhadhbanna maidir le haon eintiteas áirithe. Ní hiad na hinfheisteoirí agus na creidiúnaithe amháin a gheobhaidh tairbhe dhíreach as an muinín sin ach gheobhaidh an chuideachta í féin (agus a cuid fostaithe) tairbhe aisti freisin. Bheadh idirdhealú ann freisin maidir le caighdeán agus iontaofacht na faisnéise airgeadais a chuirfeadh na heintitis a ndéantar iniúchadh orthu ar fáil. Bheadh tionchar aige sin ar an chostas a ghabhann le gnó a dhéanamh e.g. riachtanais cuideachtaí maidir le caipiteal oibre: Bheadh creidiúnaí níos toilteanaí téarmaí níos fearr a sholáthar d'eintiteas atá níos iontaofa.

**Costais agus Tairbhí**

Beidh costais bhreise ann d'eintitis a ndéantar iniúchadh orthu agus do ghnólachtaí iniúchóireachta araon mar gheall ar bhearta amhail neartú coistí iniúchóireachta, tuarascálacha iniúchóireachta níos forleithne agus tuarascáil fhoirmiúil inmheánach, córas tairisceana i gcomhair seirbhísí iniúchóireachta, agus sealaíocht gnólachtaí iniúchóireachta. Fiú amháin má tá sé deacair figiúr iontaofa a thabhairt i leith na gcostas iomlán, léiríonn an measúnú tionchair gur féidir leis na heintitis a ndéantar iniúchadh orthu agus gnólachtaí iniúchóireachta araon na costais incriminteacha, mar chéatadán de chostais fhoriomlána, a iompar.

I dtéarmaí tairbhí, a bhfuil deacracht ann freisin maidir lena dtomhas, cumasóidh na tograí iniúchóireachtaí níos airde caighdeán agus muinín níos mó. D'fhéadfadh tuarascálacha iniúchóireachta níos eolasaí a bheith ina gcúis le hísliú chostas an chaipitil. D'fhéadfadh sé freisin go dtiocfaidh laghdú ar rátaí le haghaidh iniúchóireachta de réir mar a thagann tuilleadh gnólachtaí chun cinn ag barr an mhargaidh.

Mar thoradh ar na srianta ar sholáthar seirbhísí neamh-iniúchóireachta ag iniúchóirí, cruthófar machaire réidh do sholáthraithe eile seirbhíse, ar FBManna iad go formhór, e.g. dlíodóirí, sainchomhairleoirí, soláthraithe TF, comhairleoirí cánach, etc. Ba cheart gurb é a leanfadh as timpeallacht níos iomaíche den sórt sin ná praghsanna níos ísle do chuideachtaí a cheannaíonn seirbhísí den sórt sin.

Beidh glantairbhí díreacha athfhillteacha ann freisin do gheilleagar an AE ina iomláine mar gheall ar chaighdeáin chomhchoiteanna iniúchóireachta a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais.

**Tionchar sóisialta agus tionchar timpeallachta**

Le linn na gcaibidlí i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tugadh suntas don tábhacht a ghabhann le faisnéis fhóinteach airgeadais maidir le daingne an eintitis a mhéid a bhaineann le dearcadh na bhfostaithe. Cé nach bhfuil tionchar díreach timpeallachta ag iniúchóireachtaí, tá siad thar a bheith úsáideach i dtaca le deimhniú a sholáthar go ndearnadh aon dliteanais a bhaineann le hobair feabhais timpeallachta nó le héilimh a shainaithint go leordhóthanach agus go ndearnadh iad a chainníochtú freisin.

**Ualach riaracháin**

Bheadh costais bhreise ann, d'eintitis a ndéantar iniúchadh orthu agus d'iniúchóirí araon, mar gheall ar chóras tairisceana, ar shealaíocht agus ar iniúchóireachtaí comhpháirteacha. Os a choinne sin, má chuirtear deireadh le constaicí trasteorann agus má thugtar isteach caighdeáin

chomhchoiteanna laistigh den Aontas, laghdófar na hualaí reatha riaracháin a bhaineann le hiniúchóireacht a sholáthar i mBallstáit eile. Déanfar an t-ualach riaracháin atá ar FBManna a laghdú freisin, go háirithe ar an ábhar go mbeidh ar Bhallstáit a áirithiú go mbeidh iniúchóireacht chomhréireach shimplithe ar fáil do FBManna.

**Ionstraimí dlíthiúla, trasuí agus gnéithe a bhaineann le comhlíonadh**

De bharr treoir agus rialachán a chur i gceangal lena chéile, déanfar comhdhlúthú ar na feabhsúcháin atá déanta ar an reachtaíocht reatha agus leagfar amach creat comhchuibhithe le haghaidh athruithe fíorthábhachtacha.

**Monatóireacht agus Meastóireacht**

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar na roghanna beartais tosaíochta a chur i gcrích i 3 chéim: (1) tréimhse trasuí/idirthréimhseach; (2) faireachán ag ab gCoimisiún, ag na húdaráis náisiúnta agus ag ÚEUM agus (3) meastóireacht ar an mbeartas, laistigh de theorainn ama níos faide.